

Miontuairiscí

Cruinniú Thoscaireacht Aosdána

1pm – 3pm, an 5 Meán Fómhair 2019 ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

I láthair

Anne Haverty (an Cathaoirleach), Cathy Carman, Michael Holohan, Thomas McCarthy, Bob Quinn, Rhona Clarke, Eamon Colman, Geraldine O'Reilly

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Leithscéal ó

Vincent Woods, Samuel Walsh

Miontuairiscí ón gcruinniú deiridh agus nithe ag éirí astu

Tugadh súil siar ar mhiontuairiscí chruinniú an 27 Meitheamh agus glacadh leo. Chuir Michael Holohan na miontuairiscí i láthair agus thacaigh Geraldine O'Reilly leo.

Suíomh gréasáin Aosdána

D'fhiafraigh Anne Haverty cathain a leanfadh an plé ar aghaidh maidir leis an gcur síos ar Aosdána agus conas a bunaíodh é. Mhínigh an Cláraitheoir go leanfadh sé sin ar aghaidh nuair a thiocfaidh an Mheitheal le chéile arís. Tá an Cláraitheoir le dátaí, a moladh lena aghaidh sin, a sheiceáil. Mhínigh Michael Holohan go bhfuil an achoimre ghearr reatha ar an suíomh gréasáin maith go leor go fóill. Aontaíodh gur leagadh amach leis an ráiteas gearr seo an chúis ar cuireadh Aosdána ar bun agus mar sin go gcomhlíonann sé cuspóir soiléir.

Bunaíodh Aosdána in 1981 chun ómós a thabhairt d'ealaíontóirí ar chuidigh agus ar chuir a saothar go suaithinseach leis na healaíona cruthaitheacha in Éirinn, agus cuidíonn sí le comhaltaí iomlán a ndúthrachta a chaitheamh lena gcleachtas ealaíne.

Dúirt Cathy gur chosúil nár riachtanach an oiread ama a chaitheamh ar bhealaí le cur síos a dhéanamh air. D'iarr Anne ar dhuine amháin breathnú ar an dá chur síos ar an mbord, a scaipeadh ar na baill chun é a chur i gcuimhne dóibh, féach thíos. Ceapadh go raibh siad sách cosúil le chéile agus le hathruithe beaga, go bhféadfaí teacht ar aon sainmhíniú amháin. Mhol Anna go mbreathnódh Tom air sin dá bhféadfadh sé aon sainmhíniú amháin a dhéanamh den dá cheann a d'fhéadfaí a mholadh don mheitheal. Thacaigh Bob Quinn leis sin agus d'aontaigh na baill. Aontaíodh go gcaithfeadh an sainmhíniú ar an suíomh gréasáin a bheith beacht agus soiléir agus dá mbeadh tuilleadh mionsonraí ag teastáil, go bhféadfaí sin a chur isteach i rannóg 'tuilleadh' ach an sainmhíniú féin a choinneáil beacht agus soiléir.

Ardú ar an gCnuas

Thug Anne Haverty an t-eolas ba dhéanaí faoi seo á rá gur labhair sí le Kevin Rafter, Cathaoirleach nua na Comhairle Ealaíon, ag an searmanas Saoi. Ní raibh aon fhreagairt eile ar litir na Toscaireachta i ndáil leis an gCnuas ó litir admhála an Chathaoirligh a léadh os ard ag an gcruinniú deiridh.

Toghadh na Toscaireachta

Mhol an Cláraitheoir amlíne chun próiseas toghcháin na Toscaireachta a oscailt agus ghlac na baill leis. Tosóidh sin seachtain an 9 M.F. agus deireadh mhí Mheáin Fómhair ina spriocdháta

d'ainmniúcháin agus Toscaireacht nua tofa faoi lár na Nollag 2019. Is é Eanáir 2020 – 2022 an téarma nua.

Glaó ar ainmniúchán

Mhol an Cláráitheoir amlíne chun próiseas an toghcháin seo a oscailt tar éis do phróiseas toghcháin na Toscaireachta a bheith ar siúl, agus ghlac na baill leis. Osclófar an glaó ar ainmniúcháin an 10 D.F. agus dúnfar é an 15 Samhain 2019.

Tháinig ceist isteach ó bhall maidir le cén uair a bhí sé ceadaithe do 'Chuiditheoir' labhairt in áit 'Ainmnitheora' ag Tionól Ginearálta. Dúradh go mbíonn sin i gcónaí ceadaithe fiú má bhíonn an bheirt i láthair. Dúradh freisin gurb é 'an tAinmnitheoir' agus 'an Cuiditheoir' an téarma ab fhearr agus ní 'Moltóir' agus 'Cuiditheoir'.

Mhínigh an Cláráitheoir gurb é 250 an bhallraíocht reatha agus dá bhfanfadh sé amhlaidh go rachadh an glaó ar ainmniúcháin amach le coinníoll nach féidir aon bhall nua a thoghadh mura rachaidh líon sin na mball i laghad roimh an Tionól Ginearálta.

Míníodh ó tharla athrú ar an sásra vótála, a tugadh isteach in 2015, agsd de bharr '*chóras an chéad duine abhaile*', go sroichtear teorainn an 250 ball ag gach Tionól Ginearálta ina dhiaidh agus nach mbíonn spásanna ar fáil ach amháin má fhaigheann ball bás nó má éiríonn ball as. Ceapadh go mbaineann impleachtaí leis seo san fhadtéarma agus gurbh fhiú breathnú air. Ceapadh freisin go mb'fhéidir gur imríodh tionchar diúltach ar chóras an chuóta atá i réim ag céim na Ballóide Disciplín de bharr an vóta 'Níl' a bheith bainte as, rud a tharla in 2008. Ceapadh gurbh fhiú breathnú ar vóta 'Níl' a thabhairt isteach an athuair ar an bpáipéar Ballóide Disciplín. Míníodh go bhfuil ag éirí le córas na marcála X amháin agus mar sin, gur cheart go bhfanfadh sin amhlaidh ach gur cheart breathnú ar an rogha maidir le 'Níl' a vótáil uair eile.

Pléadh a thábhachtaí is atá sé go mbeadh na baill ag vótáil. Ní jamháin go dtéann sin i bhfeidhm ar na daoine a thoghtar ach tá sé rithábachtach do thodhchaí Aosdána é féin, agus gur gá go mbeadh baill in ann 'Níl' a vótáil chomh maith le 'Tá'. Bhí mothúchán ann go raibh baill ag staonadh sa vótáil toisc nach bhfuil aon vóta 'Níl' ann agus go raibh sé sin ag dul i bhfeidhm ar an rannpháirtíocht i dtoghcháin agus ar chuótaí dá thoradh sin.

Tionól Ginearálta 2020

Mholamar go mbreathnódh an Cláráitheoir ar na dátaí seo a leanas. Go luath i mí Aibreáin – 1, 2, 3 Aibreán agus amach san Aibreán – 22, 23, 24, 29, 30 Aibreán. Ní rabhthas le breathnú ar sheachtain na Cásca idir an 6 agus an 13 Aibreán.

Ionad i mBaile Átha Cliath – Smaointe

Moladh go n-imscrúdódh an Cláráitheoir infhaighteacht IMMA agus go mbreathnófaí ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) agus ar Choláiste na Tríonóide freisin lena bhfuil caidreamh ag an gComhairle Ealaíon tríd an Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach agus trí Chathaoirleach na Filíochta. Moladh Halla Uí Raghallaigh in UCD agus an Dr Lucy Collins mar phointe teagmhála. Moladh an halla scrúduithe i gColáiste na Tríonóide.

Moladh Teach an Ardmhéara mar ionad féideartha i gcomhair 2021 nuair a bheidh Aosdána ag ceiliúradh 40 bliain agus moladh go n-imscrúdódh an Cláráitheoir seo anois freisin mar gheall ar sceideal Theach an Ardmhéara le gníomhaíocht maidir le Bunú an Stáit. Moladh go mbreathnófaí ar Ollscoil na Banríona i gcomhair 2021 freisin agus go bhféadfadh sin a bheith ina háit mhaith le teacht i ndiaidh UCD hnó Coláiste na Tríonóide.

Scaip an Cláraitheoir dréacht litreach chuig baill. Tá an litir sin, atá le dul in éineacht leis an nglao ar ainmniúcháin in 2019, chun staitisticí reatha a thabhairt chun solais agus ainmniúcháin a spreagadh trasna foirmeacha ealaíne agus inscne. Moladh go seolfaí an dara litir nuair a eiseofar an bhallóid disciplín toisc gur ceapadh go mbeadh tionchar níos mó leis chun béim a leagan ar an vótáil nuair a bheidh an vótáil ag tarlú i ndáiríre. Tá an dara litir seo lena bhfreagracht a chur i gcuimhne do bhaill i ndáil le vótáil maidir le hainmniúcháin agus freastal ar an Tionól Ginearálta. Tá an Cláraitheoir leis an litir a athscríobh go mbeidh sí ina dhá litir ar leithligh.

Searmanas Saoi / Tuairisciú

Aontaíodh go raibh sárshearmanas ann do Roger Doyle agus gur labhair sé go han-mhaith. Scaipfidh an Cláraitheoir an nasc vimeo leis an scannán a rinne Se Merry Doyle do na baill sin nach raibh in ann freastal air. Ordóidh an Cláraitheoir tuilleadh grianghraf ó Maxwells do shuíomh gréasáin Aosdána den imeacht féin. Dúirt Michael Holohan agus an Cathaoirleach gurbh údar aiféala nach raibh suíochán ann d'ionadaí ón Toscaireacht ar an bpóidiam agus mar rannpháirtí sna grianghraif. Rinne an Cláraitheoir nóta den iarraidh sin do shearmanais Saoi amach anseo. Dúirt sí gur lean formáid an imeachta prótacal reatha agus gur chuir oifig an Uachtaráin a ainm leis.

Rún ón Tionól Ginearálta – Cárta le haghaidh Mary Loughlin

Scríobhfaidh Anne Haverty litir chuig Mary Loughlin de réir an SO a ritheadh ag Tionól Ginearálta 2019 ón Toscaireacht agus ó na baill. Mhol Eamon Colman go seolfaí prionta le Geraldine Ó Reilly leis an litir agus d'aontaigh gach duine gur smaoineamh iontach é sin. Sholáthair an Cláraitheoir an seoladh do Mary Loughlin, in Farrera na Spáinne.

An Chéad Chruinniú Eile

Mhol an Cláraitheoir an 18, 19 nó 20 Samhain le dul in éineacht leis an am a dtiocfaidh deireadh leis an nglao ar ainmniúcháin (an 15 Samhain) ionas gur féidir ainmniúcháin a sheiceáil. Seolfaidh an Cláraitheoir doodle poll amach.